



Bus Éireann
Scéim Teanga
2019-2022

Faoi Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Clár an Ábhair

1. Réamhrá	3
2. Ullmhúchán don Scéim Teanga	3
3. Ábhar na Scéime Teanga	3
4. Dáta Thosach Feidhme na Scéime	3
5. Cur síos Ginearálta ar Bhus Éireann	4
6. Tiomantas um sheirbhís a sholáthar i nGaeilge	4
Na Príomh-Mhodhanna Cumarsáide leis an bPobal	5
Seirbhísí a chuireann Bus Éireann ar fáil i nGaeilge faoi láthair	5
Seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i nGaeilge agus i mBéarla	5
Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair	5
7. Breisiú ar sheirbhís dhátheangach a chuirfear ar fáil	6
Fógraí uathoibríocha	6
Seirbhísí Teileafóin – Eolas do Chustaiméirí	6
Comhfhreagras	6
Oiliúint & Forbairt Foirne	6
Foilseacháin	7
Preaseisiúintí	7
Cumarsáid	7
8. Monatóireacht & Athbhreithniú ar an Scéim	7
9. An scéim aontaithe a fhoilsiú	7

1. Réamhrá

Is í seo an chéad Scéim Teanga arna ullmhú ag Bus Éireann faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"), mar chuid de Scéim Ghrúpa CIE.

Foráiltear faoi Alt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina leagtar amach na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- i nGaeilge;
- i mBéarla; agus
- i nGaeilge agus i mBéarla araon;

agus na céimeanna a ghlacfar chun a chinntiú, maidir le seirbhísí áirithe nach gcuireann Bus Éireann ar fáil i nGaeilge, go gcuirfear iad ar fáil i nGaeilge taobh istigh de thréimhse ama aontaithe.

2. Ullmhúchán don Scéim Teanga

Ullmhaíodh an scéim seo ar iarratas ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 11 den Acht agus i gcomhréir leis na Treoirínte faoi Alt 12 den Acht céanna.

Mar ullmhú don scéim seo, bunaíodh Coiste Gaeilge inmheánach i nGrúpa CIE chun díriú ar réimsí éagsúla na scéime, agus an méid is féidir a bhaint amach sna blianta atá romhainn a chur san áireamh.

Faoi Alt 13 den Acht, foilsíodh fógra poiblí go raibh sé ar intinn againn dréachtscéim a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Fuarthas cúig aighneacht déag agus scrúdaíodh iad; breathnaíodh iad seo nuair a bhí an scéim á hullmhú.

3. Ábhar na Scéime Teanga

Is aidhm don Scéim seo an tseirbhís atá curtha ar fáil ag Bus Éireann i nGaeilge a fheabhsú agus a bhreisiú. Tá cuntas achomair ann ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus ar na pleananna chun soláthar na seirbhísí a fheabhsú le linn tréimhse na scéime trí bliana seo.

4. Dáta Thosach Feidhme na Scéime

Tá an Scéim deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta Gaeltachta. Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm ó 11 Márta 2019 agus mairfidh sí i bhfeidhm go ceann trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhníonn an tAire scéim nua, de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

5. Cur síos Ginearálta ar Bhus Éireann

Is fochuideachta de chuid CIÉ í Bus Éireann - cláruimhir 119570. Is ag An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7, Éire atá an Phríomh-Oifig.

Soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí bus ar fud Éireann, taobh amuigh den ghréasán bus áitiúil i gCathair Bhaile Átha Cliath agus na bruachbhailte. Tá trí príomhaonad gnó ag Bus Éireann – an gréasán OSP (Oibleagáid Seirbhíse Poiblí) a oibrítear thar ceann an Stáit, an gréasán tráchtála idir-réigiúin *Expressway* agus an Scéim Iompar Scoile a oibrítear thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Oibrítear freisin seirbhísí cóiste *Eurolines* chun na Breataine agus chun na hEorpa, chomh maith le fruiliú príobháideach cóistí. Sa bhliain 2017, rinneadh 78 milliún turas paisinéirí ar na príomh-ghréasáin againn.

Seachtar comhalta atá ar bhord Bhus Éireann – cúigear arna gceapadh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus beirt arna gceapadh ag an bhfoireann.

Is iad comhaltaí an Bhoird faoi láthair:

- Aidan Murphy (Cathaoirleach)
- Deirdre Ashe
- Gerard Ryan
- Stephen Hannan
- Thomas O' Connor
- Diarmuid Corry
- Paul Mc Cann

Déanann an Bord maoirseacht ar obair Bhus Éireann chomh maith le gach cinneadh cistíochta agus gach gné de pholasaí a cheapadh agus forbairt tráchtála a chinneadh.

6. Tiomantas um sheirbhís a sholáthar i nGaeilge

Tacaíonn Bus Éireann leis na prionsabail maidir le Gaeilge, Béarla agus dátheangachas mar a leagtar amach iad in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Táimid tiomanta maidir le freastal agus fónamh dar gcuid custaiméirí gur mian leo a ngnó linn a dhéanamh i nGaeilge, a oiread agus is féidir leis na hacmhainní atá againn.

Féachann Bus Éireann leis an nGaeilge a chur chun cinn agus leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil don phobal i nGaeilge a fheabhsú, agus cuirimid fáilte roimh

ullmhú na scéime seo mar dheis chun bonn foirmeálta a chur faoi na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge cheana féin agus chun seirbhísí i nGaeilge a leathnú.

Na Príomh-Mhodhanna Cumarsáide leis an bPobal

Teagmháil 'duine le duine'

Seirbhísí Teileafóin

Cumarsáid Leictreonach

An Suíomh Gréasáin

Na Meáin Shóisialta

An Preas/Poiblíocht

Litreacha

Seirbhísí a chuireann Bus Éireann ar fáil i nGaeilge faoi láthair

Comhfhreagras

Freagraítear i nGaeilge gach litir, ríomhphost agus fóirú ó na meáin a fhaightear i nGaeilge.

Scrollaí Cinn Scríbe

Tá siad seo dátheangach.

Fógraí uathoibríocha ar bord

Tá fógraí sábháilteachta agus fógraí réamhthaifeadta dátheangach.

Comharthaíocht Leictreonach

Tá sé seo nach mór ar fad dátheangach.

Amchláir

Tá líon teoranta de na hamchláir a thaispeántar ag stadanna bus dátheangach.

Seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i nGaeilge agus i mBéarla

- Tuarascáil Bhliantúil
- Cairt Chustaiméirí
- Amchláir ag stadanna bus

Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair

Tá gach seirbhís eile ar fáil i mBéarla amháin.

7. Breisiú ar sheirbhís dhátheangach a chuirfear ar fáil

Seirbhísí Teileafóin – Eolas do Chustaiméirí

Beidh gníomhaire le cumas labhartha Gaeilge ar fáil i gcónaí le linn uaireanta oscailte an ionaid seirbhíse do chustaiméirí.

Spríodhata um chríochnú: taobh istigh de shé mhí ó thosach na scéime seo.

Cúram Custaiméirí Bhus Éireann – uimhir theileafóin

Beidh deis ar fáil chun seirbhís trí chlár uathoibríoch Gaeilge a roghnú.

Spríodhata um chríochnú: faoi dheireadh 2019

Comhfhreagras

Chomh maith leis an dualgas dlíthiúil a chomhlíonadh maidir le freagairt i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge, féachfaidh Bus Éireann chuig cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge de réir mar a éiríonn an deis chuige sin.

Oiliúint & Forbairt Foirne

Cuirfear cúrsaí Gaeilge ar fáil do bhaill foirne gur mian leo feidhm a bhaint as a leithéid. Beidh na cúrsaí teanga seo dírithe ach go háirithe ar chumas na foirne i mBus Éireann a leathnú maidir le freagairt ar iarratais i nGaeilge ó chustaiméirí nó ar iarratais agallaimh ó na meáin.

Spríodhata um chríochnú: faoi dheireadh 2019

- Cuirfear tiomantais Bhus Éireann sa Scéim seo in iúl do na baill foirne trí chumarsáid inmheánach.
- Tá sé i gceist ag Bus Éireann cur le ceiliúradh ócáidí áirithe poiblí/cultúrtha, Lá Fhéile Pádraig mar shampla, le béim ar leith ar cheiliúrthaí i nGaeilge agus an Ghaeilge a chur chun cinn. Beidh Bus Éireann páirteach i Seachtain na Gaeilge agus molfar do na baill foirne Gaeilge a úsáid ina gcuid oibre laethúil.

Foilseacháin

Beidh príomhthuarascálacha foilsithe ag Bus Éireann, ar nós an tuarascáil bhliantúil dátheangach. Beidh sain-treoirleabhair inmheánacha nó doiciméid theicniúla, eolaíoch agus sainiúla, ar fáil imBéarla amháin.

Preaseisiúintí

Is i mBéarla a eiseofar preaseisiúintí a bhaineann le himeachtaí sóisialta/cultúrtha. Ar iarratas ó na meáin áitiúla agus/nó náisiúnta cuirfear preaseisiúintí ar fáil i nGaeilge.

Maidir le preaseisiúintí agus ráitis a bhaineann le foilsiú tuarascálacha dátheangacha (an tuarascáil bhliantúil, mar shampla), eiseofar iad san i leagan dátheangach.

Spriocdháta um chríochnú: faoi dheireadh 2019

Cumarsáid

Ar iarratas ó na meáin áitiúla agus/nó náisiúnta, beidh sé mar aidhm ag Bus Éireann a chinntiú go mbeidh urlabhraí le cumas labhartha Gaeilge, ar leibhéal cuí údaráis, ar fáil le haghaidh agallaimh ag na meáin.

Spriocdháta um chríochnú: faoi dheireadh 2019

Suíomh Gréasáin

Is i mBéarla amháin atá suíomh gréasáin Bhus Éireann ar fáil faoi láthair.

Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim

Is ar an Roinn Forbartha Gnó a bheidh an cúram maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime.

Tabharfar tuairisc bhliantúil ar dhul chun cinn chuig Bord Bhus Éireann.

Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar an scéim seo tar éis 18 mhí ó thosach na scéime, agus arís ag deireadh na tréimhse trí bliana, chun a chinntiú go mbainfear amach na spriocanna aontaithe agus go gcuirfear dóthain seirbhísí agus tionscnaimh i nGaeilge ar fáil, chun freastal ar an éileamh faoi láthair agus amach anseo ó lucht an tionscail agus ar riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

An scéim aontaithe a fhoilsiú

Foilseofar an scéim aontaithe arna chríochnú, maraon leis na gealltanais agus forálacha na scéime, don fhoireann tríd an iris inmheánach foirne.

Tá cóip den Scéim seolta chuig Oifig an Choimisinéara Teanga